An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 18/25**

**CO EUR 15**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Deireadh Fómhair 2025)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tite amach le déanaí a mhéid a bhaineann leis an Úcráin. Thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais go mór leis an téacs a leagtar amach in EUCO 19/25.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

4. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir leis an gcéad chéim den Phlean Cuimsitheach chun deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza a chuir an tUachtarán Trump chun cinn, chomh maith leis an toradh a bhí ar Chruinniú Mullaigh Sharm el-Sheikh ar son na Síochána, a tionóladh an 13 Deireadh Fómhair 2025. Molann sé na hiarrachtaí taidhleoireachta atá á stiúradh ag na Stáit Aontaithe agus an ról atá á imirt ag na hidirghabhálaithe réigiúnacha, ar thacaigh an tAontas Eorpach riamh leis. Iarrann sí ar na páirtithe uile gealltanas iomlán a thabhairt gach céim a chur chun feidhme agus staonadh ó aon ghníomhaíochtaí a chuirfeadh an comhaontú i mbaol.

5. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle Eorpach an Chomhdháil Ardleibhéil chun Ceist na Palaistíne a Shocrú go Síochánta agus Réiteach an Dá Stát a Chur Chun Feidhme, a tionóladh i Nua-Eabhrac faoi stiúir na Fraince agus na hAraibe Sádaí i dteannta a chéile. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá an tAontas Eorpach don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena bhfuil sé i gceist go mairfeadh an dá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta.

6. Ós díol sásaimh di gur scaoileadh saor na gialla uile a bhí faoi choinneáil le 2 bhliain anuas ag an ngrúpa sceimhlitheoireachta Hamas, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile a gcuid a dhéanamh agus an comhaontú a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill, chun go bhféadfar stop buan a chur leis an gcogaíocht. Chun an drochstaid dhaonnúil léanmhar a mhaolú, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí rochtain láithreach gan bhac ar chabhair dhaonnúil agus go ndéanfaí an chabhair sin a dháileadh go marthanach, ar an mórgóir, isteach in Gaza agus ar fud Gaza agus go mbeadh na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, agus na heagraíochtaí daonnúla, in ann oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an tsíocháin a bhaint amach agus de bheith i dteagmháil go gníomhach lena gcomhpháirtithe maidir leis na chéad chéimeanna eile. Tacóidh sé leis an gcabhair dhaonnúil a sheachadadh go tapa, go sábháilte agus gan bhac i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí Chonair Mhuirí na Cipire chun bealaí talún eile a chur ar fáil. Bainfidh sé leas iomlán as na misin atá ar bun aige, mar atá Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EUBAM Rafah) agus Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS). Ba cheart sainorduithe na misean sin a neartú. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le rannchuidiú le cobhsú, rialachas idirthréimhseach, téarnamh agus atógáil Gaza.

7. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear san athchóiriú atá ar bun aige agus ag féachaint lena fhilleadh ar Gaza. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Iosrael an t-ioncam imréitigh atá á choinneáil siar aici a scaoileadh, ar ioncam é atá riachtanach chun dea-fheidhmiú Údarás na Palaistíne agus seachadadh seirbhísí riachtanacha don phobal a áirithiú.

8. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé an lasóg a bhaint den bharrach ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear in Iarúsailéim Thoir, agus iarrann sí go gcuirfí deireadh le foréigean na lonnaitheoirí, lena n-áirítear i gcoinne na bpobal Críostaí, le leathnú lonnaíochtaí atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta, agus le hoibríocht mhíleata Iosrael. Iarrann sí ar Iosrael dul siar ar an bplean lonnaíochta le haghaidh E1, ós rud é go mbaineann sé an bonn a thuilleadh den réiteach dhá stát.

***An Liobáin***

9. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas Eorpach le muintir na Liobáine. Is díol sásaimh di iarrachtaí na n-údarás nua an staid eacnamaíoch agus slándála a chobhsú agus tacaíonn sé le plean an Rialtais monaplacht an Stáit a chur ar bun maidir le hairm a shealbhú.

***An tSiria***

10. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le haistriú síochánta, cuimsitheach sa tSiria, saor ó chur isteach díobhálach eachtrach, agus a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir uile na Siria a chosaint agus a thábhachtaí atá an ceartas idirthréimhseach agus an t-athmhuintearas. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú le conair na Siria i dtreo na cobhsaíochta agus na hatógála.

## III. <u>COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA</u>

11. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an obair atá dírithe ar bhorradh a chur go deimhneach faoi ullmhacht cosanta na hEorpa faoi 2030. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean aici an cuspóir sin a bhaint amach ar luas agus ar an mórgóir, chun gur fearr a bheidh an Eoraip in ann gníomhú agus déileáil go neamhspleách, ar bhealach comhordaithe, agus le cur chuige 360°, le dúshláin agus le bagairtí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, gona iarmhairtí, i dtimpeallacht síor-athraitheach an ama i láthair, ar shlándáil na hEorpa agus ar shlándáil an domhain.

12. Ag eascairt as an gcur i láthair ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí ar Threochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí obair, faoi stiúir na mBallstát, ar na réimsí tosaíochta cumais go léir arna sainaithint ar leibhéal an Aontais atá le hoibríochtú, agus tacaíocht á fáil ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus ar bhonn cur chuige comhleanúnach foriomlán, ag tógáil ar an gCompás Straitéiseach, chun go bhforbróidh an Eoraip raon iomlán na gcumas nua-aimseartha is gá, i gcomhréir iomlán le ECAT. Aithníonn an Chomhairle Eorpach an obair atá déanta cheana ag na Ballstáit, agus iarrann sí orthu bailchríoch a chur ar an bpróiseas maidir le comhghuaillíochtaí cumais a bhunú i ngach réimse tosaíochta faoi dheireadh na bliana agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadail nithiúla a sheolfar sa chéad leath de 2026.

13. Má dhéantar amhlaidh, laghdóidh an tAontas a spleáchais straitéiseacha, tabharfaidh sé aghaidh ar bhearnaí criticiúla cumais agus neartóidh sé bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí dá réir ar fud an Aontais ionas go mbeidh sé in ann trealamh a sholáthar ar bhealach níos fearr sna cainníochtaí agus ar an luas is gá. Cuideoidh sé sin freisin le borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa, lena n-áirítear do FBManna.

14. Cáineann an Chomhairle Eorpach an sárú aerspáis a rinneadh i roinnt Ballstát agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé cosaint theorainneacha talún, aeir agus muirí uile an Aontais a áirithiú. Ní mór aghaidh a thabhairt mar ábhair thosaíochta ar na bagairtí láithreacha ar theorainn thoir an Aontais agus tacaíocht nithiúil a thabhairt do na Ballstáit sin.

15. Ina theannta sin, i bhfianaise na mbagairtí atá á ndéanamh ar theorainneacha eile an Aontais, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé na teorainneacha sin a chosaint.

16. I bhfianaise an treisithe ar na hionsaithe hibrideacha atá á ndéanamh ag an Rúis agus ag an Bhealarúis agus na sáruithe aerspáis a rinneadh le déanaí san Aontas, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit dlúthchomhar chun a gcumais chosanta agus slándála a neartú go cuimsitheach. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach freisin athléimneacht, slándáil agus cosaint an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú, lena n-áirítear an bonneagar fuinnimh, an bonneagar digiteach agus an bonneagar faoin bhfarraige.

17. Chun freagairt ar na riachtanais agus ar na bagairtí is práinní, measann an Chomhairle Eorpach gur cheart don obair díriú go háirithe ar thionscadail nithiúla chun iarrachtaí comhpháirteacha na mBallstát a threisiú chun feabhas a chur ar a gcumais frithdhrón agus aerchosanta, ar bhealach comhordaithe, agus leas iomlán á bhaint as an ionstraim SAFE agus as an ionstraim EDIP agus as na hionstraimí ábhartha eile airgeadais atá ann.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús le forbairt chomhpháirteach sócmhainní agus seirbhísí spáis a fhónann chun críoch slándála agus cosanta agus, freisin, go ndéanfaí na sócmhainní atá ann a chosaint, lena n-áirítear sócmhainní dé-úsáide, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad do neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa.

19. Chun borradh a chur faoi acmhainneacht thionscal cosanta na hEorpa, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an infheistíocht i réimse na cosanta a dhíriú níos mó agus níos mó ar fhorbairt, ar tháirgeadh agus ar sholáthar comhpháirteach, le tacaíocht ó GEC, ós rud é go bhfuil comhiomlánú éilimh ar bhonn ceanglais chaighdeánaithe agus barainneachtaí scála ríthábhachtach chun go mbeidh intuarthacht ann don lucht tionscal, chun costais a laghdú agus chun an idir-inoibritheacht a chothú. Ba cheart leas iomlán a bhaint as an ionstraim SAFE agus as an ionstraim EDIP chuige sin. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú agus comhtháthú breise mhargadh cosanta na hEorpa ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain trasteorann ar shlabhraí soláthair cosanta, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe.

20. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá an dlúthchomhar leis an Úcráin agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh an tír sin comhtháthaithe le tionscal cosanta na hEorpa agus go rannchuideodh sí leis, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an nuálaíocht cosanta agus leis an teicneolaíocht cosanta cheannródaíoch.

21. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé maoirseacht agus comhordú polaitiúil éifeachtach a áirithiú chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn agus chun dlús a chur leis an obair a dhéanann na hairí cosanta sa Chomhairle maidir le hullmhacht cosanta na hEorpa. Beidh an obair sin bunaithe ar thuarascáil bhliantúil ar an ullmhacht cosanta, a ullmhóidh GEC le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Sa tuarascáil sin, measfar an dul chun cinn atá déanta chun dul i ngleic leis na bearnaí cumais atá ann, ag tógáil ar an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (ACBC).

22. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a neartú ionas go mbeidh sí in ann a ról a imirt go hiomlán i réimse na cosanta i dtaca le forbairt cumais, taighde agus fáil, agus tuairisc a thabhairt maidir leis na bearta riachtanacha faoi dheireadh 2025.

23. Ag meabhrú di gur gealladh an caiteachas ar chosaint agus ar shlándáil na hEorpa a mhéadú go suntasach, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair maidir leis na roghanna ábhartha maoiniúcháin agus maidir leis an gcomhar chun infheistíocht níos éifeachtúla a dhéanamh i réimse na cosanta. Dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh ó mhí an Mhárta 2025 i ndáil le gníomhachtú na gclásal éalaithe náisiúnta, an t-athbhreithniú meántéarma ar bheartas comhtháthaithe an Aontais, agus an ionstraim SAFE agus an ionstraim EDIP.

24. Aithníonn an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an 'Omnibus um Ullmhacht Cosanta', is díol sásaimh di an dul chun cinn atáthar a dhéanamh ar an togra maidir le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais agus tá sí ag tnúth le teacht ar chomhaontú go tapa faoi dheireadh 2025. Iarrann sí ar an gCoimisiún tograí nua maidir le simpliú a thíolacadh a luaithe is féidir.

25. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach freisin gur díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun an tacaíocht a thugann sé do chumais slándála agus chosanta na hEorpa a neartú, a shimpliú agus a luathú. Molann sí do Ghrúpa BEI féachaint arís ar bhealaí chun tionscail agus cuideachtaí a mhaoiniú agus chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta in earnáil na slándála agus na cosanta san Eoraip iad féin a mhéadú.

26. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí nuálacha agus réitigh shuaiteacha agus iarrann sí ar an gCoimisiún treochlár a thíolacadh maidir le claochlú thionscal na cosanta.

27. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tograí breise a thíolacadh chun an tsoghluaisteacht mhíleata a neartú ar fud an Aontais.

28. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas agus a bhfuil a spriocanna beartais eachtraigh agus slándála ar aon dul le cinn an Aontais.

29. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta.

30. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

31. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach de threoir straitéiseach a thabhairt agus d'athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóir na hullmhachta cosanta a chur chun feidhme.

## IV. IOMAÍOCHAS AGUS AN tAISTRIÚ DÚBAILTE

32. Bhí plé cuimsitheach ag an gComhairle Eorpach faoin gcaoi inar féidir iomaíochas an Aontais a threisiú a thuilleadh, plé a bhí bunaithe ar na conclúidí uaithi i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2025 agus é dírithe ar shimpliú, ar aistriú glas iomaíoch agus ar aistriú digiteach ceannasach. Tá mórathrú á iarraidh aici i dtaca le gníomhaíocht an Aontais agus leanfaidh sí leis an athbhreithniú ar gach snáithe de chlár oibre an iomaíochais agus an mhargaidh aonair, ós rud é go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun rathúnas agus samhail shóisialta na hEorpa a chothú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí cur chun feidhme straitéis an mhargaidh aonair a thabhairt chun cinn go huaillmhianach faoi 2028, go háirithe i bhfianaise an treochláir atá le teacht ón gCoimisiún.

***An simpliú***

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá clár oibre uaillmhianach cothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn, mar ábhar práinne, ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – agus i ngach réimse, chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú gan an bonn a bhaint d'intuarthacht, de spriocanna beartais, d'ardchaighdeáin ná de shláine an mhargaidh aonair. Meabhraítear di go háirithe gur gealladh go laghdófaí go mór, mar ábhar práinne, na hualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe atá ar ghnólachtaí, FBManna san áireamh, agus ar riaracháin phoiblí.

34. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí dlús a chur lena gcuid oibre, mar ábhar mórthosaíochta, maidir le gach comhad a bhfuil gné an tsimpliúcháin nó an iomaíochais ag baint leis. Go háirithe, dearbhaíonn Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di an obair a rinneadh ar na pacáistí omnibus um shimpliú maidir le hinfheistíocht agus maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT), chomh maith leis na bearta 'stad an clog' i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta, le dícheall cuí ceallraí agus le ceimiceáin. Tathantaíonn sí ar na comhreachtóirí go dtabharfaí chun críche go pras an obair ar na pacáistí omnibus um shimpliú atá beartaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus maidir le dícheall cuí, talmhaíocht, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus digitiú, ullmhacht cosanta agus táirgí ceimiceacha. Ba cheart an pacáiste maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a ghlacadh faoi dheireadh na bliana agus ba cheart na cinn eile a ghlacadh a luaithe is féidir in 2026. Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí ábhartha a chumhdaítear sna Conarthaí, an 28ú córas roghnach um dhlí na gcuideachtaí a mholadh gan mhoill chun go bhféadfadh cuideachtaí nuálacha iad féin a mhéadú.

35. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún go dtabharfaí chun cinn go pras tuilleadh pacáistí uaillmhianacha um shimpliú, lena n-áirítear pacáistí maidir le tionscal na ngluaisteán, soghluaisteacht mhíleata, cúrsaí digiteacha, seirbhísí airgeadais, iompar, an comhshaol, fuinneamh agus sábháilteacht bia, chomh maith le hathbhreithniú ar an Rialachán REACH lena ndírítear ar bhorradh a chur faoi iomaíochas earnáil na gceimiceán. Meabhraítear di freisin a thábhachtaí atá earnáil láidir cógaisíochta san Eoraip.

36. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach ina theannta sin gur gá ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí nua riaracháin a sheachaint, go háirithe i gcás FBManna, ar gach leibhéal ar fud na bpróiseas reachtach agus cur chun feidhme, agus iarrann sí nach gcaillfí guaim i gcúrsaí reachtacha agus rialála, i gcomhréir le cur chuige 'simplíocht trí dhearadh'.

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chun tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Aontais. Sa chomhthéacs sin, iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (a) deiseanna eile a shainaithint chun leanúint den simpliú agus chun an t-iomaíochas a neartú, lena n-áirítear i gcomhthéacs na tuarascála atá beartaithe do 2026 ina meastar staid fhoriomlán an chórais baincéireachta sa mhargadh aonair;

    (b) féachaint ar thograí nua chun nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe sna Ballstáit a chuíchóiriú agus dlús a chur leo;

    (c) na hiarrachtaí ar shimpliú a threisiú i gcás gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme;

    (d) breathnú ar thograí a tharraingt siar, i gcás inarb iomchuí.

38. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) measúnú a dhéanamh ar chlár oibre reachtach an Choimisiúin i bhfianaise na gcuspóirí sin.

***Aistriú glas iomaíoch***

39. Is í bagairt eiseach an athraithe aeráide is bunchúis leis an ngealltanas a thug an tAontas go gcomhlíonfadh sé Comhaontú Pháras agus is í an bhagairt chéanna a spreagann tiomantas an Aontais gach leas a bhaint as an athnuachan thionsclaíoch agus as claochlú na ngeilleagar a theastaíonn chun na teicneolaíochtaí glana, na margaí, na tionscail agus na poist ardcháilíochta a chruthú sa todhchaí. Is cuspóirí a threisíonn a chéile iad iomaíochas an Aontais a fheabhsú, athléimneacht an Aontais a neartú agus an t-aistriú glas a chur chun cinn, agus ní mór iad a shaothrú le chéile.

40. Chun go n-éireoidh le claochlú chomh bunúsach sin, ní mór dó a bheith cóir cothrom, pragmatach, costéifeachtach agus cothrom ar bhonn sóisialta, agus imthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh, agus ní mór réitigh inacmhainne a chur ar fáil ar fud an gheilleagair agus do shaoránaigh ar fud an Aontais, chun iomaíochas agus rathúnas na hEorpa a dhaingniú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.

41. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús, mar ábhar práinne, leis na hiarrachtaí ar sholáthar fuinnimh ghlain inacmhainne a chinntiú agus ar fhíor-aontas fuinnimh a thógáil roimh 2030, lena n-áirítear trí Thascfhórsa nua an Aontais Fuinnimh a ghiaráil. Chuige sin, beidh orainn leictriú uaillmhianach a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin, agus trí infheistíocht a dhéanamh in eangacha, stóráil agus idirnaisc ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.
I bhfianaise an tionchair dhiúltaigh a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar iomaíochas domhanda thionscail na hEorpa, ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus ar theaghlaigh Eorpacha, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair darb aidhm praghsanna fuinnimh a ísliú agus tacú le táirgeadh fuinnimh inbhuanaithe san Aontas. Sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tograí ábhartha a thíolacadh a luaithe is féidir.

42. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a phráinní atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí comhchoiteanna chun athnuachan, nuachóiriú agus dícharbónú thionsclaíoch na hEorpa a áirithiú ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Cuireann sí i dtreis sa chomhthéacs sin gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na tionscail thraidisiúnta, go háirithe tionscail na ngluaisteán, na loingseoireachta agus na heitlíochta chomh maith le tionscail dianfhuinnimh, mar atá, cruach agus miotail, ceimiceáin, stroighin, gloine agus ceirmigh, laíon agus páipéar, ionas go mbeidh siad athléimneach agus iomaíoch i gcónaí i margadh domhanda agus i dtimpeallacht gheopholaitiúil dhúshlánach. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an togra a leag an Coimisiún síos le déanaí chun earnáil chruach na hEorpa a chosaint ar thionchair éagóracha na ró-acmhainneachta domhanda. Is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an t-athbhreithniú dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna a thabhairt ar aghaidh, agus iarrann sí go gcuirfí an togra seo i láthair go pras, agus neodracht theicneolaíoch agus ábhar Eorpach á gcur san áireamh. Tá sí ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún maidir le dlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch, rud a chuirfidh borradh faoin éileamh ar ‘déanta san Eoraip’. Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh freisin chun an nuálaíocht agus buntáiste iomaíoch an Aontais sna teicneolaíochtaí glana agus digiteacha agus sa nuálaíocht cheannródaíoch a neartú.

43. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leas éifeachtach a bhaint as ionstraimí eacnamaíocha uile an Aontais chun cleachtais éagóracha trádála a dhíspreagadh agus a chomhrac.

44. Sa chomhthéacs sin, bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le conas tacú le sprioc aeráide idirmheánach an Aontais do 2040 a bhaint amach.

45. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

    (a) rannchuidiú réalaíoch na n-aistrithe carbóin leis an iarracht fhoriomlán ar astaíochtaí a laghdú, agus éiginnteachtaí na n-aistrithe nádúrtha á gcur san áireamh agus a áirithiú nach mbeidh na hearnálacha eacnamaíocha eile thíos leis na heasnaimh a d’fhéadfadh a bheith ann;

(b) a thábhachtaí atá sé rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda astaíochtaí a laghdú ar bhealach uaillmhianach costéifeachtach, go háirithe trí leibhéal leordhóthanach de chreidmheasanna idirnáisiúnta ardchaighdeáin a shainiú;

(c) an gá atá le clásal athbhreithnithe, i gcomhthéacs na fianaise eolaíche agus an dul chun cinn teicneolaíoch is déanaí, agus i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn maidir le hiomaíochas domhanda an Aontais mar aon leis na deiseanna a d'fhéadfadh eascairt as sin.

46. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún na dálaí cumasúcháin riachtanacha a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le tionscal na hEorpa agus le saoránaigh na hEorpa sprioc idirmheánach 2040 a bhaint amach agus, sa chomhthéacs sin, dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an litir a scríobh Uachtarán an Choimisiúin le déanaí maidir leis an aeráid agus leis an iomaíochas. Tá sí ag súil go leanfadh an Coimisiún agus na comhreachtóirí ar aghaidh go pras leis an obair.

47. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún bearta a mholadh chun teacht i bhfeidhm an dara córas trádála astaíochta (CTA 2) a dhéanamh níos rianúla agus iarrann sí ar an gCoimisiún athbhreithniú ar chreat cur chun feidhme CTA 2 a thíolacadh, lena n-áireofar na gnéithe ábhartha uile den chóras sin.

***Aistriú digiteach ceannasach***

48. I bhfianaise na n-athruithe geopholaitiúla, an athraithe thapa theicneolaíoch, agus an iomaíochais dhomhanda mhéadaithigh i réimsí na nuálaíochta, na ndaoine tréitheacha agus na hinfheistíochta, tá sé ríthábhachtach claochlú digiteach na hEorpa a chur chun cinn, a ceannasacht a threisiú agus a héiceachóras digiteach oscailte féin a neartú. Chuige sin, ní mór na comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a threisiú, agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta iontaofa agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar chúrsaí a bhaineann leis an nuálaíocht dhigiteach agus leis an rialachas digiteach.

49. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gurb iad luachanna, leasanna agus neamhspleáchas rialála an Aontais is bonn taca le gníomhaíocht an Aontais, lena n-áirítear sa réimse digiteach. Ciallaíonn sé sin go leanfaidh an tAontas de bheith ag cothú réitigh theicneolaíocha dhuinelárnacha lena dtugtar cosaint do dhaoine aonair agus dá gcuid sonraí, agus lena gcosnaítear an chuntasacht dhigiteach, an trédhearcacht agus an athléimneacht shochaíoch. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé mionaoisigh a chosaint, lena n-áirítear trí lán-aois dhigiteach a leagan síos ag a mbeadh cead rochtana ar na meáin shóisialta, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

50. Ina theannta sin, ní mór bonneagar digiteach agus bonn teicneolaíoch an Aontais a chosaint, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí a eascraíonn as bagairtí hibrideacha, ar dhúshláin chibearshlándála, agus ar spleáchais straitéiseacha. Chun róspleáchas ar sholáthróirí seachtracha a sheachaint, leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé cumais theicneolaíocha na hEorpa a fhorbairt agus foinsí amhábhar criticiúil an Aontais a éagsúlú.

51. Chuige sin agus chun iomaíochas na hEorpa a neartú, ní mór don Aontas timpeallacht a chur ar fáil atá fabhrach don nuálaíocht mhéadaithe san earnáil phríobháideach, do theicneolaíochtaí teorann, do theacht chun cinn gnólachtaí nuathionscanta agus do mhéadú na réiteach teicneolaíoch Eorpach. Is ann fós d'ilroinnt an mhargaidh, bearnaí sa bhonneagar agus praghsanna arda fuinnimh, nithe a chuireann bac ar fhás fhéideartha an chlaochlaithe teicneolaíochta siúd, agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu sin freisin. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach mór iarrachtaí ar leith a dhéanamh chun cur i bhfeidhm céimneach an bhonneagair nascachta a chur chun cinn, chun an margadh aonair don chumarsáid leictreonach a dhoimhniú, agus chun forbairt agus imscaradh córas, líonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe a chur chun cinn. Iarrann sí freisin go ndéanfaí an margadh aonair a dhigitiú agus go dtacófaí le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí idiroibritheacha ar fud gheilleagar na hEorpa.

52. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na tionscnaimh is déanaí a tháinig ón gCoimisiún maidir le IS agus an teicneolaíocht chandamach. Iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de bheith uaillmhianach maidir le claochlú digiteach ceannasach na hEorpa sna tograí uaidh amach anseo, lena n-áirítear maidir le néalríomhaireacht an Aontais agus forbairt na hintleachta saorga.

## V. TITHÍOCHT

53. I bhfianaise na ndúshlán tithíochta atá roimh go leor saoránach san Aontas Eorpach, ar ceann acu sin rochtain a fháil ar thithíocht inacmhainne, phléigh an Chomhairle Eorpach gnéithe éagsúla na saincheiste práinní sin.

54. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún plean uaillmhianach cuimsitheach a thíolacadh go pras maidir le tithíocht inacmhainne, darb aidhm tacú leis na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh agus na hiarrachtaí sin a chomhlánú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chláir oibre maidir le simpliú, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar inniúlachtaí náisiúnta.

## VI. AN IMIRCE

55. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an imirce, lena n-áirítear i bhfianaise na litreach a sheol Uachtarán an Choimisiúin le déanaí. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair ar gach snáithe a sainaithníodh i mí an Mheithimh 2025 agus iarrann sí ar na comhreachtóirí an obair ar thograí reachtacha ábhartha a thabhairt ar aghaidh mar ábhar tosaíochta.

## VII. POBLACHT NA MOLDÓIVE

56. Molann an Chomhairle Eorpach údaráis Phoblacht na Moldóive as a dtiomantas daingean agus as na bearta éifeachtacha atá déanta acu chun sláine phróiseas an toghcháin a bhí ann le déanaí a choimirciú agus chun saorthoghcháin chóra a áirithiú, in ainneoin na ngníomhaíochtaí hibrideacha leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis chun an bonn a bhaint d'institiúidí daonlathacha na tíre. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Poblacht na Moldóive chun athléimneacht agus cobhsaíocht na tíre a fheabhsú agus féachfaidh sé le ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí na Moldóive.

57. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tacaíocht dhaingean an Aontais do Phoblacht na Moldóive agus í ar a conair aontachais agus is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach atá déanta aici go dtí seo. Molann an Chomhairle Eorpach do Phoblacht na Moldóive, don Chomhairle agus don Choimisiún leanúint den obair ar an bpróiseas aontachais, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe. Osclófar cnuasach na mbunphrionsabal ar dtús agus is é is déanaí a dhúnfar, agus osclófar cnuasaigh de réir mar a chomhlíonfar na coinníollacha, i gcomhréir le modheolaíocht an mhéadaithe. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go cuí go measann an Coimisiún go bhfuil na cnuasaigh a leanas réidh le hoscailt: na bunphrionsabail, an margadh inmheánach agus an caidreamh seachtrach.